



OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

Scoil Ghnó & Eacnamaíochta J.E. Cairnes

Plean Straitéiseach
2021 - 25

University
ofGalway.ie



Forléargas

Rinne Scoil Ghnó & Eacnamaíochta J.E. Cairnes dul chun cinn nach beag le linn thréimhse an phlean straitéisigh deiridh, agus d'fhás sí go suntasach. Seo a leanas cuid d'éachtaí móra na Scoile:

Tugtar fíis uailmhianach don Ollscoil i bPlean Straitéiseach OÉ Gaillimh 2020-2025, Fíis i gCoiteann, Múnlaíthe ag Luachanna, atá bunaithe ar luachanna mar atá meas, oscailteacht, inbhuanaitheacht agus barr feabhais. Tá Plean Straitéiseach Scoil Ghnó & Eacnamaíochta J.E. Cairnes, 2021-2025 ag teacht le straitéis, misean, fíis agus croíluachanna na hOllscoile.



Forléargas

Is fianaise é rath na Scoile le cúig bliana anuas ar thiomantas, dúthracht agus obair chrua na foirne acadúla, taighde, riaracháin agus seirbhísí gairmiúla sa Scoil. Tógfaidh Plean Straitéiseach na Scoile, 2021-2025 ar láidreachtaí agus ar rath na Scoile agus cuirtear ár bhfoireann i gcoillár ár bplean straitéisigh. Is iad ár bhfoireann an acmhainn is tábhachtaí atá againn agus is iad scileanna, saineolas, tiomantas agus spreagadh na foirne sin a chuirfidh dlús le baint amach Phlean Straitéiseach na Scoile, 2021-2025. Cothóimid timpeallacht atá báúil don scoláireacht agus léireoidimid ceannaireacht láidir, thacúil, chuimsitheach agus choláisteach inár gcuid gníomhaíochtaí go léir a chinnteoidh timpeallacht oibre atá dearfach agus coláisteach do chách.

Is Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta muid atá ar son leas an phobail. Agus muid ag fáil inspioráid ónár suíomh réigiúnach ar chósta thiar na hÉireann, is Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta muid a bhfuil fócas domhanda aici, a fhéachann le leas an phobail a chur chun cinn agus a mbíonn tionchar claochlaitheach aici ar ár gcuid mac léinn, ar an tsochaí agus ar earnáil an ghnó.

Tá Plean Straitéiseach na Scoile, 2021-2025 dírithe ar cheithre réimse tosaíochta straitéiseacha mar atá taighde agus tionchar, teagasc agus foghlaim, rannpháirtíocht sheachtrach agus idirnáisiúnu agus tá an Plean bunaithe ar ár gcroí-luachanna.

Is í an fhís atá againn do na chéad cheithre bliana eile tionchar domhanda a imirt a rachaidh chun tairbhe an phobail trí aghaidh a thabhairt ar mhórdhúshláin le cabhair ón teagasc, ón taighde agus ón tionchar atá againn ar bheartas poiblí. Táimid tiomanta luach a thabhairt dár bpáirtithe leasmhara go léir, go háirithe dár gcuid mac léinn, dár gcomhpháirtithe gnó seachtracha, tionsclaíochta agus polasaí, dár bpobal agus dár sochaí.

Forbraíodh Plean Straitéiseach Scoil Ghnó & Eacnamaíochta J.E. Cairnes, 2021-2025 sa tréimhse ba mheasa de phaindéim COVID-19. Bhain dúshláin shuntasacha le gach gníomhaíocht Ollscoile de bharr na paindéime ach ina theannta sin cuireadh deiseanna nua os ár gcomhair lena n-áirítear nuálaíochtaí a threisiú i dteagasc ar líne agus cumaisc agus

breathnú an athuir ar thuiscintí fadbhunaithe maidir leis an gcaoi a n-oibrímid. Bainfidh Straitéis na Scoile, 2021-2025 leas as an méid a d'fhoghlaimíomar le linn na paindéime le cinntiú go leanfaimid orainn ag baint leas as nuálaíochtaí teagasc agus foghlama chun eispéireas foghlama tarraingteach agus ardchaighdeán a dhearadh agus a chur ar fáil dár gcuid mac léinn i dtimpeallacht sheachtrach atá ag athrú. Díreoidimid ar bharr feabhais inár gcuid taighde trí leas a bhaint as na réimsí láidre atá againn cheana agus trí réimsí nua láidreachta a fhorbairt. Rachaimid i mbun taighde a mbeidh tionchar dearfach aige ar an tsochaí, ar earnáil an ghnó agus ar bheartas poiblí. Déanfaimid infheistíocht agus plé lenár bpáirtithe leasmhara seachtracha chun comhpháirtíochtaí comhoibríocha a fhorbairt agus chun luach agus tionchar a chruthú taobh amuigh den saol acadúil. Gníomhóimid mar chatalaíoch don éiceachóras gnó agus fiontraíochta inár réigiún. Cuirfimid taithí foghlama agus oibre ar fáil inár Scoil atá éagsúil, saibhir ó thaobh cultúir de, áit a nglacfaimid chugainn idirnáisiúnu inár gcuid gníomhaíochtaí.

De bharr COVID-19, baineann roinnt éiginnteachta leis na ceithre bliana amach romhainn. Tá Scoil Ghnó & Eacnamaíochta J.E. Cairnes i riocht maith, áfach, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn, chun cur leis na deiseanna atá tagtha chun cinn de bharr na paindéime, agus chun an misean atá romhainn a bhaint amach, is é sin a bheith inár Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta a bhfuil fócas domhanda aici agus a mbíonn tionchar claochlaitheach aici ar ár gcuid mac léinn, ar an tsochaí agus ar earnáil an ghnó.

“Is iad ár bhfoireann an acmhainn is tábhachtaí atá againn agus is iad scileanna, saineolas, tiomantas agus spreagadh na foirne sin a chuirfidh dlús le baint amach Phlean Straitéiseach na Scoile, 2021-2025.”

Nós Imeachta Comhairliúcháin & Forbartha Straitéise

Tugadh faoi fhorbairt straitéiseach na Scoile, 2021-2025 ar bhonn comhairleach agus bhí baint ag an iomaí páirtí leasmhar leis an bpróiseas.


D'fhorbair Bord Feidhmiúcháin na Scoile misean, fíis, luachanna agus tosaíochtaí straitéiseacha don tréimhse 2021-2025, le treoir ó Straitéis OÉ Gaillimh, 2020-2025, sonraí suirbhé ilpháirtithe leasmhara a bailíodh ón bhfoireann, mic léinn, alumni agus ionadaithe seachtracha ábhartha eile, mar aon le ceardlanna straitéise uile-foirne agus an t-aiseolas a fuarthas uathu.

Táimid ag tnúth le leanúint ar aghaidh ag úsáid múnla comhairliúcháin agus rannpháirtíochta páirtithe leasmhara agus muid ag cinneadh na sainspriocanna agus príomhtháscairí feidhmíochta inár bpróiseas pleanála oibriúcháin chun ár dtosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach.



Misean

Ár gCroí-chuspóir



Misean

Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta ar mhaithe le leas an phobail

Agus muid ag fáil inspioráid ónár suíomh réigiúnach ar chósta thiar na hÉireann, is Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta muid a bhfuil fócas domhanda aici, a fhéachann le leas an phobail a chur chun cinn agus a mbíonn tionchar claochlaitheach aici ar ár gcuid mac léinn, ar an tsochaí agus ar earnáil an ghnó.

- Tagraíonn an abairt **Agus muid ag fáil inspioráid ónár suíomh réigiúnach ar chósta thiar na hÉireann** dár suíomh ar chósta Atlantach na hÉireann i mol a bhfuil tábhacht dhomhanda ag baint leis ó thaobh na teicneolaíochta, na nuálaíochta agus na cruthaitheachta de. Tugann sé comhthéacs réigiúnach dúinn chomh maith le léargas domhanda.
- Tagraíonn **Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta a bhfuil fócas domhanda aici** dár dteagasc, taighde, an cion a dhéanaimid ar mhaithe leis an tsochaí, d'earnáil an ghnó agus don bheartas poiblí.
- Cuireann **ar son leas an phobail** béim ar an bhfócas déach atá againn ar an tsochaí agus ar earnáil an ghnó. Trínár dteagasc, taighde agus an tionchar atá againn ar bheartas poiblí, cuidímid le hathrú sochaíoch inbhuanaithe i gcomhthéacsanna eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil nádúrtha.
- Tagraíonn **tionchar claochlaitheach** don bhéim a leagaimid ar thionchar claochlaitheach a imirt ar ár mic léinn, ár sochaí agus ar earnáil an ghnó trínár gcroí-ghníomhaíochtaí teagaisc, taighde agus trí thionchar a fhreagraíonn dár bhfís agus dár luachanna a imirt ar fhorbairt beartais phoiblí.

Scoil Shuaitheanach

Tá Scoil Ghnó & Eacnamaíochta J.E. Cairnes ar son leas an phobail.

Tugann ár dtionchar maidir le taighde, teagasc agus beartas poiblí aghaidh ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe seo a leanas:

- Dea-shláinte agus folláine
- Obair fhiúntach agus fás eacnamaíoch
- Tionsclaíocht, nuálaíocht agus infreastruchtúr
- Pobail agus cathracha inbhuanaithe
- An tsíocháin, an ceartas agus institiúidí láidre

“Agus muid ag fáil inspioráid ónár suíomh réigiúnach ar chósta thiar na hÉireann, is Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta muid a bhfuil fócas domhanda aici, a fhéachann le leas an phobail a chur chun cinn agus a mbíonn tionchar claochlaitheach aici ar ár gcuid mac léinn, ar an tsochaí agus ar earnáil an ghnó.”

Fís

Ár nUaillmhianta & Spriocanna



Fís

Iarracht thar na Bearta: Agus muid ag fáil inspioráid ónár suíomh réigiúnach ar chósta thiar na hÉireann, tá fís againn tionchar domhanda a imirt ar mhaithe le leas an phobail trí aghaidh a thabhairt ar mhórdhúshláin trínar dteagasc, taighde agus an tionchar atá againn ar bheartas poiblí.

- Tagraíonn **Iarracht thar na Bearta** dár dtiomantas don nuálaíocht agus don fheabhsú leanúnach. Nílimid sásta gan bheith ag cuimhneamh ach ar an méid atá bainte amach againn, ach bímid i gcónaí ag iarraidh fáil amach conas is féidir linn níos mó a dhéanamh ar mhaithe lenár mic léinn, leis an tsochaí agus le hearnáil an ghnó.
- Aithnítear **ónár suíomh réigiúnach ar chósta thiar na hÉireann** go bhfaigheann ár gcuid oibre bonn faisnéise agus inspioráid ónár suíomh uathúil: táimid suite ar an gcósta is faide siar san Eoraip ar chósta Atlantach na hÉireann, ach laistigh de mhol lena mbaineann tábhacht dhomhanda maidir leis an teicneolaíocht, an nuálaíocht agus an chruthaitheacht. Tugann an suíomh seo meascán uathúil de chomhthéacs réigiúnach agus léargas agus tionchar domhanda.
- Tagraíonn **tionchar domhanda a imirt ar mhaithe le leas an phobail trí aghaidh a thabhairt ar mhórdhúshláin trínar dteagasc, taighde agus an tionchar atá againn ar bheartas poiblí** dár dtiomantas nach mór dár n-iarrachtaí uile a bheith ar mhaithe le leas an phobail agus tionchar dearfach a bheith acu ar ár mic léinn, ar an tsochaí, ar earnáil an ghnó agus ar bheartas poiblí.
- Déanann **mórdhúshláin** nasc idir na dúshláin shuntasacha atá roimh an domhan sa lá atá inniu ann agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna) ar féidir cion a dhéanamh ina leith. Táimid dírithe go háirithe ar na mórdhúshláin seo a leanas:

- › Digiú
- › Forbairt Dhomhanda agus Eacnamaíoch, Nuálaíocht, Cuntasacht, agus Rialachas

- › Sláinte agus Folláine
- › Cuimsiú Sóisialta agus Comhionannas
- › Inbhuanaitheacht, Aeráid agus Comhshaol.

Tugann ár dtaighde, ár dteagasc agus ár dtionchar ar bheartas poiblí aghaidh ar na SDGanna sonracha seo a leanas de chuid na Náisiún Aontaithe:

- › Dea-shláinte agus folláine
- › Obair fhiúntach agus fás eacnamaíoch
- › Tionsclaíocht, nuálaíocht agus infreastruchtúr
- › Pobail agus cathracha inbhuanaithe
- › An tsíocháin, an ceartas agus institiúidí láidre.

Tuigimid gur féidir aghaidh a thabhairt ar mhórdhúshláin eárnála ar bhealaí éagsúla. Baineann go leor dár gcuid láidreachtaí leis an saineolas trasearnálach atá againn agus, dá bhrí sin, is féidir leo aghaidh a thabhairt ar an iliomad SDGanna agus mórdhúshláin.

“Iarracht thar na Bearta: Agus muid ag fáil inspioráid ónár suíomh réigiúnach ar chósta thiar na hÉireann, tá fís againn tionchar domhanda a imirt ar mhaithe le leas an phobail trí aghaidh a thabhairt ar mhórdhúshláin trínar dteagasc, taighde agus an tionchar atá againn ar bheartas poiblí.”

Luachanna

Ár bhFealsúnacht

An chaoi a n-iompraímid muid féin

Luachanna

Ghlac Scoil Ghnó & Eacnamaíochta J.E. Cairnes le Luachanna na hOllscoile mar atá Meas, Oscailteacht, Inbhuanaitheacht agus Barr Feabhais www.nuigalway.ie/strategy2025/ourvalues/

Tá sé curtha in iúl againn arís mar a léirítear agus mar a dhéantar ailíniú ar na luachanna seo laistigh den Scoil.

MEAS: Cothaímid timpeallacht chuimsitheach chomhroinnte áit a bhfuil meas agus luach againn ar a chéile trí dhíriú ar fhreagracht shóisialta agus ar thionchar gnó agus sochaíoch.

A bhfuil i gceist leis sin:

- Creidimid go mbeidh tionchar ollmhór ar rath agus ar inbhuanaitheacht ár ndaoine agus ár bpobal má dhéantar cultúr a shaothrú ina bhfuil ár gcuid oibre agus idirghníomhaíochtaí bunaithe ar mhúinín agus ar mheas, agus go dtugtar fúthu le rún dearfach.
- Beidh an t-éiteas seo mar bhonn faoi na caidrimh a bheidh againn lenár bpobail éagsúla agus idirnáisiúnta, ár gcathair, ár réigiún agus an domhan.
- Is mór againn agus glacaimid chugainn an bhraistint láidir choláisteachta i measc na foirne go léir inár Scoil.
- Cothaímid timpeallacht léinn atá tarraingteach agus tacúil dár gcuid mac léinn.
- Léirimid ceannaireacht láidir, thacúil, chuimsitheach agus choláisteach inár ngníomhaíochtaí ar fad.

INBHUANAITHEACHT: Déanfaimid gnéithe gnó, eacnamaíochta, comhshaoil agus sóisialta na hinbhuanaitheachta a chomhtháthú d'oibríochtaí agus do líonraí eagraíochta, ollscoile, agus pobail.

A bhfuil i gceist leis sin:

- Déanaimid inbhuanaitheacht a leabú inár bhfoghlaim, ár dtaighde agus in eispéireas na mac léinn.
- Glacaimid chugainn féin ról ceannaireachta chun an t-aistriú chuig toadhcháil inbhuanaithe a threorú trínar dteagasc, ár dtaighde, ár ngníomhaíochtaí agus ár dtionchar.

OSCAILTEACHT: Glacaimid le hathrú agus táimid dírithe ar an toadhcháil inár gcaidreamh lenár bpáirtithe leasmhara uile agus lenár bpobail.

A bhfuil i gceist leis sin:

- Cuirimid oideachas sa ghnó agus san eacnamaíocht chun cinn mar mhodh chun athrú dearfach a dhéanamh i sochaí an lae inniu. Cuirimid deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil chun cinn do chách.
- Táimid tiomanta do chuimsiú sóisialta, agus féachfaimid le timpeallacht fháilteach a chur ar fáil ina mbraitheann gach duine muintearas agus inar féidir leo dul chun cinn a dhéanamh.
- Táimid oscailte don Domhan Mór – dóibh siúd a thagann agus a dhéanann staidéar linn agus a oibríonn linn agus sa chaoi a dtéimid i gcion ar ár gcomhpháirtithe agus ár líonraí idirnáisiúnta.

BARR FEABHAIS: Déanaimid iarracht thar na bearta ionchais a shárú agus tionchar dearfach a bheith againn.

A bhfuil i gceist leis sin:


- Cuirimid eispéireas teagaisc agus foghlama den scoth ar fáil atá dírithe ar an mac léinn agus treoraithe ag taighde.
- Táimid i mbun taighde den scoth a bhfuil tionchar dáiríre aige ar an tsochaí, ar earnáil an ghnó agus ar bheartas poiblí go réigiúnach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
- Cuirimid ar chumas na foirne agus na mac léinn tionchair dhearfacha a imirt ar an tsochaí agus ar leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Tuigimid go mbeidh ról nach beag ag ár suíomh suaithinseach laistigh de mhol domhanda teicneolaíochta, nuálaíochta agus cruthaitheachta sa mhéid a éireoidh linn a bhaint amach sa toadhcháil.

Ailíniú Físe, Tosaíochtaí agus Cumasóirí Straitéiseacha & Infheistíochta Acmhainní

FÍS

Iarracht thar na Bearta: Tá fís againn tionchar domhanda a imirt ó chósta thiar na hÉireann ar mhaithe le leas an phobail trí aghaidh a thabhairt ar mhórdhúshláin trínar dteagasc, taighde agus an tionchar atá againn ar bheartas poiblí.

RÉIMSÍ TOSAÍOCHTA STRAITÉISEACHA



CUMASÓIRÍ & INFHEISTÍOCHT ACMHAINNÍ

TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA TAIGHDE AGUS TIONCHAIR

1	Díreimid ar bharr feabhais inár gcuid taighde trí leas a bhaint as na réimsí láidre atá ann cheana agus trí réimsí nua láidreachta a thógáil.
2	Tabharfaimid faoi thaighde ar mhaithe le leas an phobail a bhfuil tionchar dearfach aige ar an tsochaí, ar earnáil an ghnó agus ar bheartas poiblí.
3	Tabharfaimid aghaidh ar mhórdhúshláin agus ar SDGanna na Náisiún Aontaithe trí thaighde agus tionchar.
4	Déanfaimid infheistíocht i dtacaíochtaí chun cur le taighde agus le tionchar sa saol acadúil agus lasmuigh de, ag díriú ar scaipeadh, ar aistriú agus ar chur i bhfeidhm i bpolasaithe agus i gcleachtais.
5	Tabharfaimid faoi theagasc atá bunaithe ar thaighde.
6	Déanfaimid comhpháirtíochtaí agus comhoibriú a chumasú agus a chur chun cinn i gcomhthéacs ár dtéamaí sonracha taighde chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ghnó agus shochoaíocha.

TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA TEAGAISC AGUS FOGHLAMA

1	Déanfaimid athruithe nua ar ár gcuraclaim agus ár gcláir chun teacht lenár misean atá ar mhaithe le leas an phobail.
2	Déanfaimid mic léinn ar ardchaighdeán ó gach cearn den domhan a mhealladh chun tabhairt faoinár gcláir.
3	Cuirfimid ar chumas na mac léinn a bheith ina gcéimithe a bhfuil tacar láidir scileanna acu, atá tiomanta agus a fhéachann le leas an phobail chun cion dearfach agus claochlaitheach a dhéanamh ar mhaithe leis an tsochaí, earnáil an ghnó agus polsaithe.
4	Cruthóimid eispéireas foghlama atá bríomhar, spreagúil agus ar ardchaighdeán dár gcuid mac léinn.
5	Cuirfimid oideolaíocht ar ardchaighdeán ar fáil inár gcláir agus bainfimid leas as teicneolaíocht cheannródaíoch chun timpeallacht foghlama cumaisc ar ardchaighdeán a chur ar fáil.
6	Déanfaimid ceangal idir ár gcuid mac léinn agus an tsochaí, earnáil an ghnó agus lucht déanta polasaithe chun eispéiris foghlama a chur ar fáil dóibh a chuirfidh ar chumas ár gcéimithe a bheith ina gceannairí domhanda.

TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA RANPHÁIRTÍOCHTA SEACHTRAÍ

1	Déanfaimid infheistíocht inár bpáirtithe leasmhara seachtracha chun comhpháirtíochtaí comhoibríocha a fhorbairt agus chun luach agus tionchar a chruthú ar mhaithe le leas an phobail.
2	Rachaimid i dteagmháil lenár n-alumni agus cuirfimid deiseanna ar fáil dóibh caidreamh fiúntach a choinneáil lena n-alma mater.
3	Gníomhóimid mar chatalaíoch don éiceachóras gnó agus fiontraíochta inár réigiún.
4	Neartóimid líonraí a bhaineann le rannpháirtíocht polasaí agus tionchar inár réigiún, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
5	Déanfaimid infheistíocht in oideachas feidhmiúcháin sna réimsí ina bhfuil neart sainiúil againn i gcomhar le comhpháirtithe domhanda.

TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA IDIRNÁISIÚNAITHE

1	Oibreoidimid leis an tionscadal Global Galway chun eispéireas foghlama agus oibre atá éagsúil agus saibhir ó thaobh an chultúir de a chur ar fáil inár Scoil.
2	Déanfaimid cur chuige comhsheasmhach agus straitéiseach a fhorbairt agus acmhainní a chur ar fáil ina leith chun caidrimh agus comhpháirtíochtaí a aithint agus a fhorbairt le hollscoileanna agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta.
3	Neartóimid ár seasamh i líonraí idirnáisiúnta.
4	Déanfaimid deiseanna soghluaisteachta domhanda a fheabhsú agus a leathnú
5	Cuimseoidimid an t-idirnáisiúnta inár ngníomhaíochtaí go léir.

CUMASÓIRÍ & INFHEISTÍOCHT ACMHAINNÍ

<p>Daoine agus Cultúr</p> <p>Déanfaimid infheistíocht chun foireann acadúil a bhfuil cumas uilíoch acu a mhealladh, a choinneáil agus a fhorbairt i réimsí atá ailínithe lenár dtosaíochtaí straitéiseacha.</p> <p>Déanfaimid infheistíocht chun foireann riaracháin agus seirbhíse gairmiúla a mhealladh, a choinneáil agus a fhorbairt i réimsí atá ailínithe lenár dtosaíochtaí straitéiseacha.</p> <p>Seasfaimid lenár luachanna mar atá meas, oscailteacht, inbhuanaitheacht agus barr feabhais sa chaoi a ndéanaimid caidreamh le chéile, a n-iompraímid muid féin agus a n-oibrímid lenár gcomhghleacaithe, ár gcuid mac léinn, agus le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha eile.</p> <p>Cruthóimid cultúr ina gcuirtear ar chumas na foirne feidhmiú chomh maith agus is féidir leo, agus áit a bhfuil luach againn ar éagsúlacht, cuimsitheacht, comhionannas agus folláine na bhfostaithe.</p> <p>Tabharfaimid aitheantas do chumas agus do chion na foirne agus tacóimid le forbairt gairme.</p>	<p>Déanfaimid infheistíocht i struchtúir agus i bpróisis chun rannpháirtíocht fhiúntach a fhorbairt le páirtithe leasmhara seachtracha.</p> <p>Cuirfimid feabhas agus nuálaíocht chun cinn go leanúnach inár struchtúir agus inár bpróisis chun dea-chleachtas a chinntiú inár gcuid gníomhaíochtaí.</p>
<p>Feabhas Oibríochtúil</p> <p>Déanfaimid creidiúnú iomráiteach do scoileanna gnó a bhaint amach agus a choinneáil.</p> <p>Déanfaimid infheistíocht i straitéis bhranda, mhargaíochta agus chumarsáide chun feasacht, cáil agus bá a chothú lenár mbranda Scoile agus lenár ngníomhaíochtaí teagaisc agus taighde.</p> <p>Bainfimid leas as láidreachtaí na n-institiúidí agus na n-ionad taighde atá cleamhnaithe lenár Scoil chun tacú lenár spriocanna taighde.</p> <p>Forbróimid pleananna oibriúcháin chun tacú le plean straitéiseach na Scoile agus lena tosaíochtaí foghlama, taighde, idirnáisiúnaithe agus rannpháirtíochta.</p>	<p>Rialachas</p> <p>Soláthróimid ceannaireacht agus rialachas éifeachtach agus freagrach don Scoil a bheidh dírithe ar oscailteacht, ar thrédhearcacht agus ar fhreagracht.</p> <p>Ceapfaimid Bord Comhairleach Seachtrach Idirnáisiúnta don Scoil.</p>
<p>Timpeallacht agus Infreastruchtúr Fisiciúil</p> <p>Déanfaimid infheistíocht inár dtimpeallacht thógtha agus fhisiciúil chun eispéireas foghlama dearfach a chur ar fáil do na mic léinn mar aon le hionad oibre spreagúil agus nua-aimseartha don fhoireann agus do chualiteoirí.</p> <p>Déanfaimid infheistíocht inár n-infreastruchtúr digiteach agus teicneolaíoch chun eispéireas dhearfach foghlama a chur ar fáil do na mic léinn agus chun deiseanna agus bealaí nua oibre a chur ar fáil dár bhfoireann.</p>	<p>Forbairt</p> <p>Forbróimid straitéis dhaonchairdiúil chun maoiniú a chur ar fáil a thacóidh lenár misean agus leis an bhfís atá againn don Scoil a bhaint amach.</p>

Straitéis le Gníomhú

Leagann an plean straitéiseach seo amach an treo agus na huaimhianta do thodhchaí Scoil Ghnó & Eacnamaíochta J.E. Cairnes in OÉ Gaillimh. Cuirfear pleananna oibríochtúla bliantúla ar fáil in éineacht leis an bplean straitéiseach le cinntiú go gcuirfear an plean i bhfeidhm. Leagfar amach sna pleananna oibríochtúla tosaíochtaí agus tionscnaimh mhionsonraithe chun ár dtosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach lena n-áirítear príomhtháscairí feidhmíochta. Leanfaidh an Ceann Scoile agus Bord Feidhmiúcháin na Scoile ar aghaidh ag baint leas as próiseas pleanála straitéisí comhairliúcháin d'ionchur agus rannpháirtíocht ilpháirtithe leasmhara.

Aguisín A: Achoimre ar Thosaíochtaí Straitéiseacha Scoile 2021–2025 agus Tiomantais agus Gníomhaíochtaí Tábhachtacha Straitéis na hOllscoile, 2020–2025

Luach	Cód	Tosaíocht Straitéiseach Scoile a Ailíniú
Barr feabhais	CE02	Díreoimid ar bharr feabhais inár gcuid taighde trí leas a bhaint as na réimsí láidre atá againn cheana agus trí réimsí nua láidreachta a fhorbairt.
Barr feabhais	CE06	Tabharfaimid faoi thaighde ar mhaithe le leas an phobail a bhfuil tionchar dearfach aige ar an tsochaí, ar earnáil an ghnó agus ar bheartas poiblí.
Barr feabhais	CE03	Déanfaimid infheistíocht i dtacaíochtaí chun cur le taighde agus le tionchar sa saol acadúil agus lasmuigh de, ag díriú ar scaipeadh, ar aistriú agus ar chur i bhfeidhm i bpolasaithe agus i gcleachtais.
Barr feabhais	CE02	Tabharfaimid faoi theagasc atá bunaithe ar thaighde.
Barr feabhais	AE05	Déanfaimid athruithe nua ar ár gcuraclaim agus ár gcláir chun teacht lenár misean ar mhaithe le leas an phobail.
Barr feabhais	AE03	Cuirfimid ar chumas na mac léinn a bheith ina gcéimithe a bhfuil tacar láidir scileanna acu, atá tiomanta agus a fhéachann le leas an phobail chun cion dearfach agus claochlaitheach a dhéanamh ar mhaithe leis an tsochaí, earnáil an ghnó agus polasaithe.
Barr feabhais	CE02	Cruthóimid eispéreas foghlama atá bríomhar, spreagúil agus ar ardchaighdeán dár gcuid mac léinn.
Barr feabhais	AE03	Cuirfimid oideolaíocht ar ardchaighdeán ar fáil inár gcláir agus bainfimid leas as teicneolaíocht cheannródaíoch chun timpeallacht foghlama cumaisc ar ardchaighdeán a chur ar fáil.
Barr feabhais	CC01	Rachaimid i dteagmháil lenár n-alumni agus cuirfimid deiseanna ar fáil dóibh caidreamh fiúntach a choinneáil lena n-almá mater.
Barr feabhais	AE12	Neartóimid ár seasamh i líonraí idirnáisiúnta.
Barr feabhais	AE01	Déanfaimid infheistíocht chun foireann acadúil a bhfuil cumas uilíoch acu a mhealladh, a choinneáil agus a fhorbairt i réimsí atá ailínithe lenár dtosaíochtaí straitéiseacha.
Barr feabhais	AE01	Déanfaimid infheistíocht chun foireann riaracháin agus seirbhíse gairmiúla a mhealladh, a choinneáil agus a fhorbairt i réimsí atá ailínithe lenár dtosaíochtaí straitéiseacha.
Barr feabhais	CE03	Déanfaimid creidiúnú iomráiteach do scoileanna gnó a bhaint amach agus a choinneáil.

Luach	Cód	Tosaíocht Straitéiseach Scoile a Ailíniú
Barr feabhais	AE13	Déanfaimid infheistíocht i straitéis bhranda, mhargaíochta agus chumarsáide chun feasacht, cáil agus bá a chothú lenár mbranda Scoile agus lenár ngníomhaíochtaí teagaisc agus taighde.
Barr feabhais	AE07	Bainfimid leas as láidreachtaí na n-institiúidí agus na n-ionad taighde atá cleamhnaithe lenár Scoil chun tacú lenár spriocanna taighde.
Barr feabhais	AE05	Cuirfimid feabhas agus nuálaíocht chun cinn go leanúnach inár struchtúir agus inár bpróisis chun dea-chleachtas a chinntiú inár gcuid gníomhaíochtaí.
Barr feabhais	AE02	Déanfaimid infheistíocht inár n-infreastruchtúr digiteach agus teicneolaíoch chun eispéreas dhearfach foghlama a chur ar fáil do na mic léinn agus chun deiseanna agus bealaí nua oibre a chur ar fáil dár bhfoireann.
Oscailteacht	AE12	Déanfaimid comhpháirtíochtaí agus comhoibriú a chumasú agus a chur chun cinn i gcomhthéacs ár dtéamaí sonracha taighde chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán ghnó agus shochoíochta.
Oscailteacht	CP04	Déanfaimid ceangal idir ár gcuid mac léinn agus an tsochaí, earnáil an ghnó agus lucht déanta polasaithe chun eispéiris foghlama a chur ar fáil dóibh a chuirfidh ar chumas ár gcéimithe a bheith ina gceannairí domhanda.
Oscailteacht	CP01 CP04	Déanfaimid infheistíocht inár bpáirtithe leasmhara seachtracha chun comhpháirtíochtaí comhoibríochta a fhorbairt agus chun luach agus tionchar a chruthú ar mhaithe le leas an phobail.
Meas Oscailteacht	CR12 CP05 CC03	Gníomhóimid mar chatalaíoch don éiceachóras gnó agus fiontraíochta inár réigiún.
Oscailteacht	AP07	Déanfaimid infheistíocht in oideachas feidhmiúcháin sna réimsí ina bhfuil neart sainiúil againn i gcomhar le comhpháirtithe domhanda.
Oscailteacht	AP06	Oibreoidimid leis an tionscadal Global Galway chun eispéreas foghlama agus oibre atá éagsúil agus saibhir ó thaobh an chultúir de a chur ar fáil inár Scoil.
Oscailteacht	AP11	Déanfaimid cur chuige comhsheasmhach agus straitéiseach a fhorbairt agus acmhainní a chur ar fáil ina leith chun caidrimh agus comhpháirtíochtaí a aithint agus a fhorbairt le hollscoileanna agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta.
Oscailteacht	AP10	Déanfaimid deiseanna soghluaisteachta domhanda a fheabhsú agus a leathnú.
Oscailteacht	AP07	Déanfaimid infheistíocht i struchtúir agus i bpróisis chun rannpháirtíocht fhiúntach a fhorbairt le páirtithe leasmhara seachtracha.

Luach	Cód	Tosaíocht Straitéiseach Scoile a Ailíniú
Oscailteacht; An Plean a chur i bhfeidhm	AP07 CM05	Forbróimid straitéis dhaonchairdiúil chun maoiniú a chur ar fáil a thacóidh lenár misean agus leis an bhfís atá againn don Scoil a bhaint amach.
Meas	CR03	Cuimseoidimid an t-idirnáisiúnú inár ngníomhaíochtaí go léir.
Meas	CR04 CR11	Cruthóimid cultúr ina gcuirtear ar chumas na foirne feidhmiú chomh maith agus is féidir leo, agus áit a bhfuil luach againn ar éagsúlacht, cuimsitheacht, comhionannas agus folláine na bhfostaithe.
Meas	CR08	Tabharfaimid aitheantas do chumas agus do chion na foirne agus tacóimid le forbairt gairme.
Meas	AR08	Ceapfaimid Bord Comhairleach Seachtrach Idirnáisiúnta don Scoil.
Meas Oscailteacht	CR12 CP05 CC03	Gníomhóimid mar chatalaíoch don éiceachóras gnó agus fiontraíochta inár réigiún.
Meas	CR12	Neartóimid líonraí a bhaineann le rannpháirtíocht polasaí agus tionchar inár réigiún, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
Inbhuanaitheacht	AS19	Tabharfaimid aghaidh ar mhórdhúshlán agus ar SDGanna na Náisiún Aontaithe trí thaighde agus tionchar.
Inbhuanaitheacht	CS03	Déanfaimid mic léinn ar ardchaighdeán ó gach cearn den domhan a mhealladh chun tabhairt faoinár gcláir.
Inbhuanaitheacht	CS01	Tabharfaimid faoi cheannaireacht agus rialachas éifeachtach agus freagrach ar an Scoil a bheidh dírithe ar oscailteacht, ar thrédhearcacht agus ar fhreagracht.
Tosaíochtaí Forbartha Caipitil	PB05	Déanfaimid infheistíocht inár dtimpeallacht thógtha agus fhisiciúil chun eispéreas foghlama dearfach a chur ar fáil do na mic léinn mar aon le hionad oibre spreagúil agus nua-aimseartha don fhoireann agus do chuartheoirí.
An Plean a chur i bhfeidhm	CM02	Forbróimid pleananna oibriúcháin chun tacú le plean straitéiseach na Scoile agus lena tosaíochtaí foghlama, taighde, idirnáisiúnaithe agus rannpháirtíochta.
Oscailteacht; An Plean a chur i bhfeidhm	AP07 CM05	Forbróimid straitéis dhaonchairdiúil chun maoiniú a chur ar fáil a thacóidh lenár misean agus leis an bhfís atá againn don Scoil a bhaint amach.
Ár Luachanna	CV01	Seasfaimid lenár luachanna mar atá meas, oscailteacht, inbhuanaitheacht agus barr feabhais sa chaoi a ndéanaimid caidreamh le chéile, a n-iompraímid muid féin agus a n-oibrímid lenár gcomhghleacaithe, ár gcuid mac léinn, agus le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha eile.



OLLSCOIL NA
GAILLIMHÉ
UNIVERSITY
OF GALWAY

T: +353 91 492612
E: business@universityofgalway.ie
www.universityofgalway.ie/cairnes



www.facebook.com/JECairnes



www.twitter.com/galwaycairnes



[@CairnesUniversityofGalway](https://www.youtube.com/@CairnesUniversityofGalway)



[@universityofgalwaycairnes/](https://www.instagram.com/@universityofgalwaycairnes/)